Baile Bhlainséir go Lár na Cathrach

5

Bealach Roghnaithe na Croíchonaire Bus

An Tríú Babhta Comhairliúcháin
Phoiblí Samhain 2020

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Clár Ábhar

1.	**Réamhrá**	**1**
1.1	Cad is BusConnects ann?	1
1.2	Cé na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ag Croíchonairí Bus BusConnects?	3
1.3	Cad a tharla go dtí seo?	4
1.4	Cad atá sa bhróisiúr seo?	4
1.5	Léarscáil de na 16 chroíchonair bus uile	6
2.	**Cad atá ag tarlú le míonna beaga anuas?**	**7**
2.1	Dearadh Teicniúil	7
2.2	Measúnacht Tionchair Timpeallachta	7
2.3	An Tionchar Iompair	7
2.4	An Ríocht Uirbeach	9
2.5	Léarscáileanna agus Sceidil i dtaca le Ceannach Éigeantach	9
2.6	An Amlíne le haghaidh Phróiseas na gCroíchonairí Bus	10
3.	**Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí**	**11**
3.1	Ceisteanna ginearálta	11
3.2	Conas is féidir ionchur a thabhairt	11
3.3	Cad é an chéad chéim eile?	11
4.	**Cur Síos ar an mBealach Roghnaithe**	**13**
4.1	Forbhreathnú	13
4.2	Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir go hAcomhal an M50	14
4.3	Acomhal an M50 go hAcomhal Bhóthar Ráth Tó – an R147 (Bóthar na hUaimhe)	15
4.4	Acomhail Bhóthar Ráth Tó go hAcomhal Shráid Brunswick Thuaidh – Seanbhóthar na Cabraí/Sráid na Prúise/Sráid an Mhainéir	15
4.5	Plás Blackhall go Cé Árann	18
4.6	Bainistíocht Tráchta Áitiúil	18
4.7	Príomhathruithe ón mBealach Roghnaithe a Foilsíodh i mí an Mhárta 2020	21
4.8	Eochairfhíricí	22
5.	**An téarmaíocht a thuiscint**	**23**
6.	**Aguisíní**	**25**
6.1	Léarscáil Innéacs	26
6.2	Léarscáileanna Bealaigh	28

1. Réamhrá

1.1 Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus agus iompair inbhuanaithe. Is cuid thábhachtach é de bheartais an Rialtais um fheabhas a chur ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile. Bíonn Baile Átha Cliath ag fás agus teastaíonn uaidh gréasán ar féidir leis freastal ar chathair i mbéal forbartha. Is é an aidhm atá ag BusConnects ná córas feabhsaithe bus a sholáthar a théann chun tairbhe don chathair, dá muintir agus don timpeallacht.

Cuirtear BusConnects ar áireamh i gClár an Rialtais 2020 dar teideal "Our Shared Future" agus sna straitéisí seo a leanas ón Rialtas:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027;
- An Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035
- An Plean Gnímh don Aeráid 2019.





Clár atá comhdhéanta de naoi ngné is ea BusConnects, Baile Átha Cliath:

BUS → **230km** of bus priority making journeys faster and more reliable

CYCLE → **200km** of cycle routes

Transitioning to a new
low emissions bus fleet

State of the art
ticketing system

Cashless payment system

Simpler fare structure

New Park & Ride
sites in key locations

New bus livery
providing a common style across all operators

New bus stops and shelters
with better signage and information

Dublin area bus network redesign
creating a more efficient network with high frequency spines, new orbital routes and increased bus services

1.2 Cé na haidhmeanna agus na cuspóirí atá ag Croíchonairí Bus BusConnects?

Aidhmeanna: Tá sé mar aidhm ag Croíchonairí Bus BusConnects bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar chonairí tábhachtacha rochtana i réigiún Bhaile Átha Cliath, rud lena ndéanfar gluaiseacht iompair inbhuanaithe a bheidh éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite a chumasú agus a sholáthar feadh na gconairí sin.

Cuspóirí:



Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta;

Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;

Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí; agus



An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta, agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir;

Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i mBaile Átha Cliath a chumasú do ghlúine an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar;

A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach le linn an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta.

1.3 Cad a tharla go dtí seo?

Idir mí na Samhna 2018 agus mí na Bealtaine 2019, sheol an tÚdarás Náisiúnta Iompair an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí maidir le tograí le haghaidh na mBealaí is Dealraithí a Roghnófar do na 16 Chroíchonair Bus ar fud Bhaile Átha Cliath. Le linn an chéad bhabhta comhairliúcháin, fuaireamar 13,000 aighneacht san iomlán. Rinneadh na haighneachtaí sin a athbhreithniú agus a bhreithniú mar chuid den phróiseas dearaidh le haghaidh na rogha Bealaigh Roghnaithe do gach conair.

Cuireadh tús le dara babhta comhairliúcháin phoiblí ar na roghanna Bealaigh Roghnaithe i mí an Mhárta 2020 agus lean sé ar aghaidh go dtí lár mhí Aibreáin 2020. D'ainneoin na paindéime Covid-19 agus na srianta a thug an Rialtas isteach ina dhiaidh sin, lean an comhairliúchán ar aghaidh de bharr na suime a léiríodh ann. Ba trí ríomhphoist, tríd an ngnáthphost, trí chomhráite fóin agus trí aighneachtaí ar líne a fuarthas na ceisteanna agus na haighneachtaí ón bpobal toisc go raibh an fhaisnéis ar fad ar fáil lena léamh ar shuíomh Gréasáin BusConnects.

Cinneadh i mí an Mhárta go gcuirfí tríú babhta comhairliúcháin phoiblí ar siúl go mall sa bhliain chun tuilleadh deiseanna a thabhairt don phobal an tacar dearaí is déanaí a athbhreithniú agus aiseolas a chur isteach ina leith.

1.4 Cad atá sa bhróisiúr seo?

Tá an doiciméad seo ar cheann amháin de 16 dhoiciméad, a bhfuil gach ceann díobh tiomnaithe do chroíchonair bus ar leith. Tugtar cur síos i scríbhinn sa doiciméad ar an mBealach Roghnaithe ó thús go deireadh agus tugtar léarscáileanna tacaíochta leis. Áirítear leis an doiciméad na leasuithe uile a rinneadh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin phoiblí i leith, más ann. Áirítear leis freisin amlíne leasaithe le haghaidh an clár a chur ar aghaidh de bharr impleachtaí Covid-19.

Maidir leis na bróisiúir ina dtugtar mionsonraí faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar agus na bróisiúir ón dara babhta comhairliúcháin ní ba luaithe i mbliana, tá siad ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar ár suíomh Gréasáin ag **www.busconnects.ie**.

Is féidir sainmhínithe ar an téarmaíocht a úsáidtear sa doiciméad seo a fháil i gcaibidil 4 den bhróisiúr seo.

1.5 Léarscáil de na 16 chroíchonair bus uile

Bealaí Roghnaithe

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlas go Baile Phib
5. Baile Bhlainséir go Lár na Cathrach
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Tamhlacht go Tír an Iúir
11. Camaigh go Lár na Cathrach
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. COBÁC, Droichead na Dothra, go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach

2. Cad atá ag tarlú le míonna beaga anuas?

Táthar ag leanúint le han-chuid oibre dearaidh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin i leith. Áirítear na nithe seo a leanas leis an obair sin:

2.1 Dearadh Teicniúil

Rinneadh dul chun cinn ar dhearaí, áit ar beachtaíodh gnéithe de gach conair, amhail acomhail, ailíniúcháin, stadanna bus, saoráidí rothar agus siúil agus gnéithe ríochta uirbí. Táthar ag leanúint le rannpháirteachas le geallsealbhóirí, lena n-áirítear rannpháirteachas le sealbhóirí tí aonair a bhfuil difear díreach á dhéanamh dóibh. Bhí agus tá rannpháirteachas le geallsealbhóirí agus tuilleadh suirbhéanna mionsonraithe á úsáid mar bhonn eolais leis an dearadh a fhorbairt. Áirítear leo sin seirbhísí faoi thalamh a shainaithint agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chrainn feadh na mbealaí.

Ullmhaíodh dréacht-Tuarascálacha ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe le haghaidh gach Croíchonaire Bus, áit a dtugtar mionsonraí faoi fhorbairt gach conaire ón mBealach is Dealraithí a Roghnófar go dtí an dréacht-Rogha Bhealaigh Roghnaithe. Tá na "dréacht-Tuarascálacha ar an Rogha Bhealaigh Roghnaithe" á bhfoilsiú mar chuid den chomhairliúchán poiblí agus tabharfar chun críche iad tar éis an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí seo agus tar éis an t-aiseolas a gheofar a chur ar áireamh. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

2.2 Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Mar chuid den iarratas pleanála atá beartaithe le haghaidh gach conaire, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag ullmhú Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta de réir reachtaíocht reatha na hÉireann agus na hEorpa. Leagfar amach sa doiciméad seo na héifeachtaí a mheastar a bheidh ag an scéim ar an timpeallacht le linn chéim na tógála agus chéim an oibriúcháin. Tá an mheasúnacht sin á déanamh ag speisialtóirí comhshaoil thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair. Mar chuid den mheasúnacht sin, tá staidéir á ndéanamh ag na speisialtóirí sin ar an mbail atá ar an timpeallacht ghlactha faoi láthair laistigh de theorainneacha sainaitheanta na gconairí. Is é atá i gceist leis sin suirbhéanna ar an láithreán a dhéanamh agus staidéar deisce a dhéanamh ar thaifid atá ann cheana. Tráth an chomhairliúcháin phoiblí seo, tá roinnt suirbhéanna agus staidéar ar bun. Déanfar an fhaisnéis a bhaileofar a chomhroinnt leis na dearthóirí teicniúla lena cur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta dearaidh do na hoibreacha bonneagair.

Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin gcur chuige i leith measúnacht timpeallachta le haghaidh gach scéime i ndoiciméad conaire aonair dar teideal "Information on the Proposed Approach to Environmental Assessment". Sa doiciméad sin, tugtar cur síos níos mine ar conas a dhéantar amach méid an tionchair mheasta agus conas a mheasúnófar an tionchar carnach a bheidh ag na croíchonairí bus in aice láimhe agus ag tionscadail tógála eile. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

2.3.An Tionchar Iompair

Is ar "ghluaiseacht daoine" in ionad "gluaiseacht feithiclí" ina haonar a dhírítear an mheasúnacht iompair ar thograí na gcroíchonairí bus. Chun a dhéanamh amach go leordhóthanach cén tionchar a bheidh ann ar an iompar poiblí, ar mhodhanna gníomhacha (siúl agus rothaíocht) agus ar an trácht ginearálta, forbraíodh sraith chuimsitheach samhlacha iompair.

Tugadh faoi shraith fhairsing comhaireamh tráchta go mall sa bhliain 2019 agus go luath sa bhliain 2020. Úsáideadh na sonraí sin agus foinsí eile chun calabrú agus bailíochtú

a dhéanamh ar na samhlacha chun cabhrú leis na croíchonairí bus a mheas. Ar leibhéal straitéiseach, úsáideadh Samhail Réigiúnach an Oirthir chun an deighilt mhódúil a réamh-mheas le haghaidh blianta amach anseo. Ar leibhéal níos beaichte, forbraíodh Samhail Limistéir Áitiúil chun an díláithriú féideartha tráchta a scrúdú. De bhreis air sin, tá samhaltú mionsonraithe á dhéanamh maidir le tástálacha anailíse acomhal agus conairí agus chun a dhéanamh amach cén éifeacht a bheidh ann ar an ngluaiseacht daoine trí gach acomhal agus feadh na conaire í féin.

Áireofar le gach Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta rannán ar an tionchar féideartha tráchta agus iompair a bhaineann le céim na tógála agus céim an oibriúcháin de na croíchonairí bus. Beidh na tuarascálacha seo a leanas mar bhonn eolais leis an measúnacht sin:

- Measúnacht Tionchair Iompair – áireofar léi sin measúnú cuimsitheach ar gach croíchonair bus, áit a bpléifear le gach modh, agus áireofar léi measúnú carnach ar gach conair; agus
- Tuarascáil Samhaltaithe Iompair – tabharfar mionsonraí inti faoi fhorbairt na samhla, faoi na hionchuir shonraí, faoi chalabrú agus bailíochtú agus faoi fhorbairt na samhla réamhaisnéise le haghaidh na dtacar samhlacha a úsáidtear chun tacú leis an measúnacht.

Maidir le dréachtleagan idir lámha de na "Tuarascálacha Samhaltaithe Iompair" le haghaidh gach croíchonaire bus agus maidir le hachoimre ar na torthaí samhaltaithe straitéisigh idir lámha go dtí seo, tá siad á bhfoilsiú mar chuid den chomhairliúchán poiblí agus tabharfar chun críche iad tar éis an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí seo agus tar éis an t-aiseolas a gheofar a chur ar áireamh. **Tá na dréacht-tuarascálacha sin ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

2.4 An Ríocht Uirbeach

I gcomhthráth leis an obair dhearaidh theicniúil ar an ailíniú bóthair a thabhairt chun críche sna trasghearrthacha uirbeacha ar fud na gcroíchonairí bus, rinneadh dul chun cinn freisin ar an bpleanáil le haghaidh tograí dearaidh na Ríochta Uirbí a bheachtú. Tá na dearaí sin á bhforbairt i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla chun a chinntiú go mbeidh siad ag teacht le scéimeanna agus tionscnaimh atá ann cheana. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag díriú ar leagan amach spásanna a thabhairt chun críche, agus breithniú á dhéanamh aige ar mhianlínte (conas is mian le daoine gluaiseacht trí spásanna) agus ar shuíomh an troscáin uirbigh (crainn, boscaí bruscair, mullaird, binsí, seastáin rothar, ráillí, etc.)

Eascraíonn deiseanna le haghaidh an Ríocht Uirbeach a fheabhsú feadh na mbealaí iad féin as na hoibreacha sibhialta/fisiciúla atá ag teastáil chun go gcomhlíonfar an cuspóir atá ag BusConnects maidir le tosaíocht bus agus saoráidí feabhsaithe rothar agus coisithe a sholáthar. I dteannta a chéile, is ionann na croíchonairí bus agus deis le haghaidh tabhairt faoina lán idirghabhálacha leanúnacha ar féidir leo brí ghinearálta a chur sa chathair.

Is feadh na gcroíchonairí bus a leatar na deiseanna le haghaidh an Ríocht Uirbeach a fheabhsú agus ní mór iad a bheith ag freagairt do dhúiche agus comhthéacs ar leith agus iad sin a léiriú. Le linn dúinn na spásanna uirbeacha a dhearadh, beimid ag baint úsáid as ábhair chuí agus troscán uirbeach cuí a bheidh ag comhlíonadh caighdeán ó thaobh úsáide, marthanachta agus cothabhála de agus ag comhlíonadh riachtanais lorg carbóin.

Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin gcur chuige i leith dhearadh na ríochta uirbí i ndoiciméad dar teideal "BusConnects Urban Realm Concept Design" a foilsíodh mar chuid den chomhairliúchán poiblí. **Tá an doiciméad sin ar fáil le hamharc air agus le híoslódáil ar an suíomh Gréasáin www.busconnects.ie**.

2.5 Léarscáileanna agus Sceidil i dtaca le Ceannach Éigeantach

I gcomhthráth leis an obair dhearaidh theicniúil, beidh na dearthóirí ag cur tús leis an obair atá i gceist le léarscáileanna éagsúla agus sceidil éagsúla a ullmhú i dtaca le limistéir atá sé beartaithe a fháil faoi phróiseas reachtúil an ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Léirítear sna Léarscáileanna sa bhróisiúr seo na Teorainneacha Nua Beartaithe (Fáil Fhéideartha Talún), agus iad curtha in iúl ag línte dearga briste. Tá na teorainneacha sin ina léiriú ar limistéir fhéideartha le haghaidh buan-ordú ceannaigh éigeantaigh agus níl siad tugtha chun críche fós. De réir mar a thugtar léaráidí mionsonraithe chun críche, leanfaidh na dearthóirí le hiarracht a dhéanamh bualadh leis na daoine sin a bhfuil leas acu sna limistéir a mbeifear ag déanamh difear dóibh.

I roinnt cásanna, is féidir go mbeidh sé riachtanach cabhsáin a athailíniú agus/nó tírdhreachú gharraithe tosaigh na maoine a athdhéanamh nó bealaí rochtana gnó agus/nó láithreacha lódála a atheagrú. Is féidir go dtitfidh roinnt de na hoibreacha sin lasmuigh de limistéar an bhuan-ordaithe ceannaigh éigeantaigh. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh sé riachtanach socruithe sealadacha a chur i bhfeidhm chun rochtain le linn tógála a chinntiú ionas go mbeifear in ann na hoibreacha riachtanacha cóiríochta a dhéanamh. Faoi mar atá amhlaidh i bhforbairt an bhuan-ordaithe ceannaigh éigeantaigh, leanfaidh na dearthóirí le hiarracht a dhéanamh bualadh leis na daoine sin a bhfuil leas acu sna limistéir a mbeifear ag déanamh difear dóibh.

2.6 An Amlíne le haghaidh Phróiseas na gCroíchonairí Bus



3. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Tugtar mionsonraí sa bhróisiúr seo faoin Rogha Bhealaigh Roghnaithe atá beartaithe don chroíchonair bus seo. Cuirfear na tograí seo faoin triú babhta neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí agus faoi bheachtú dearaidh agus measúnacht tionchair timpeallachta ina dhiaidh sin sula ndéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas reachtúil chuig an mBord Pleanála ar chead.

Is féidir seomraí fíorúla comhairliúcháin le haghaidh gach ceann de na Croíchonairí Bus a fháil ar **www.busconnects.ie**. Sna seomraí sin, déanfar cur síos ar gach Bealach Roghnaithe ó thús go deireadh le léarscáileanna tacaíochta agus áireofar leo faisnéis faoi na leasuithe uile a rinneadh ón mbabhta deireanach comhairliúcháin phoiblí i leith, más ann, agus doiciméid tacaíochta eile.

3.1 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe do thionscadal na gCroíchonairí Bus ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag **www.busconnects.ie**. Tá na bróisiúir uile roimhe faoi na bealaí is dealraithí a roghnófar ar fáil ar an suíomh Gréasáin. Is féidir le húsáideoirí an suíomh a rochtain chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin tionscadal agus cóipeanna de na doiciméid thábhachtacha a íoslódáil.

Is féidir ceisteanna ginearálta a chur ar Líne Shaorghlao thiomnaithe ag **1800 303 653** nó trí ríomhphost a sheoladh chuig **cbc@busconnects.ie**

3.2 Conas is féidir ionchur a thabhairt

Táimid ag iarraidh aighneachtaí maidir leis na Roghanna Bealaigh Roghnaithe a leagtar amach sa doiciméad seo. Luaitear ar an suíomh Gréasáin an dáta deiridh ar a nglacfar le haighneachtaí.

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ach scríobh chuig na seoltaí seo:

cbc@busconnects.ie

Croíchonairí Bus BusConnects
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Dún Scéine, Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

3.3 Cad é an chéad chéim eile?

Ag teacht sna sála ar an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí, tabharfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na Roghanna Bealaigh Roghnaithe do na sé chonair déag uile chun críche. Tabharfar dearaí na scéime chun críche agus cuirfear measúnacht tionchair iompair agus measúnacht tionchair timpeallachta i gcrích. Is é an toradh a bheidh air sin ná go n-ullmhófar Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta don scéim mar aon le mionsonraí faoin talamh a gheofar. Cuirfear í sin isteach chuig an mBord Pleanála sa bhliain 2021 lena bhreithniú agus lena chinneadh. Tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin reachtúil foirmiúil mar chuid den phróiseas sin.

4. Cur Síos ar an mBealach Roghnaithe

4.1 Forbhreathnú

Pointe tosaithe na Croíchonaire Bus ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach is ea an taobh thuaidh d'acomhal Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas leis an N3. Leanann an Chroíchonair Bus ar aghaidh ar Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas/an R121 isteach in Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir. Ó láthair ceann turais nua siar ó thuaidh ó Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, leanann an Chroíchonair Bus bealach isteach ar Bhóthar na hUaimhe/an N3 trí acomhal Bhóthar Snugborough, agus leanann sí an N3 agus Bóthar na hUaimhe chomh fada leis an acomhal le Seanbhóthar na Cabraí. Ón áit sin, leanann an Chroíchonair Bus bealach feadh Sheanbhóthar na Cabraí, Shráid na Prúise agus Shráid an Mhainéir go dtí an t-acomhal le Sráid Brunswick Thuaidh. Leanann sí bealach ansin feadh Phlás Blackhall chomh fada leis an acomhal le Cé Ellis agus le Cé Árann, áit a gceanglaíonn sí leis an gcóras bainistíochta tráchta atá ann cheana ar na Céanna Thuaidh. Tugtar tosaíocht do bhusanna feadh an bhealaigh ar fad, atá comhdhéanta go príomha de lánaí tiomnaithe bus sa dá threo, agus tá sé beartaithe bearta malartacha a thabhairt isteach ag láithreacha a bhfuil srianta ar leith ag gabháil leo.

Déanfar cur síos níos mine sna míreanna seo

a leanas ar gach cuid den Chroíchonair Bus. Sainaithneofar iontu na príomhleasuithe dearaidh a cuireadh isteach sa dearadh ó fhoilsiú na Rogha Bealaigh Roghnaithe i mí an Mhárta 2020 i leith.

4.2 Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir go hAcomhal an M50

Pointe tosaithe na Croíchonaire Bus is ea an taobh thuaidh d'acomhal Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas leis an N3. Tá sé beartaithe an sliosbhóthar amach atá ann cheana as an N3 go Seanbhóthar na hUaimhe, Mullach Eadrad, a athrú óna dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin agus ina lána bus amháin. Leanann an lána sin ar aghaidh isteach ar Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas/an R121 thar an N3. Ag an taobh thuaidh den chonair bus, modhnaíodh an dearadh beartaithe le haghaidh saoráidí raon rothar agus saoráidí trasnaithe feadh an R121 ó thuaidh ó Lár Baile Bhaile Bhlainséir. Freastalaítear ar an lána bus ar an tardhroichead trí leagan amach an bhóthair a athrú chun lána bus a chur ar áireamh sa dá threo agus trí lánaí tráchta ghinearálta a chur leis.

Leanann an Chroíchonair Bus ar aghaidh ar Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas i dtreo Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir trí acomhal Bhealach Bhaile an Bhlácaigh – rud atá le tiontú óna thimpeallán ina acomhal atá faoi rialú ag comharthaí. Coinneofar rochtain an lána bus ó thuaidh atá ann cheana ag an gcúinne thuaidh de láithreán Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir (in aice Óstán Crowne Plaza Bhaile Átha Cliath-Bhaile Bhlainséir). Leasaíodh an dearadh chun lána leanúnach rothar siar a sholáthar in aice Óstán Crowne Plaza.

Laistigh de láithreán Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, tá sé beartaithe an limistéar tuirlingthe bus atá ann cheana a uasghrádú ina láthair ceann turais bus/cómhalartú bus níos foirmiúla, áit a mbeidh saoráidí feithimh níos fearr ann do phaisinéirí. Ó dheas ón Ionad Siopadóireachta, cuirfear busanna ar bhealach feadh an bhóthair rochtana atá ann cheana a théann soir ó Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir, áit a soláthrófar lánaí tiomnaithe bus.

Tá sé beartaithe an t-acomhal timpealláin atá ann cheana ar Shliosbhóthar na hUaimhe a mhodhnú ina acomhal crosbhóthair a bhfuil comharthaí iomlána aige, rud lena bhfreastalófar ar lánaí bus sa dá threo tríd an acomhal sin. Mar thoradh ar an modhnú sin, beifear in ann saoráidí feabhsaithe rothar, coisithe agus stad bus a thabhairt isteach. Tá sé beartaithe an bóthar idir an bóthar atá ann cheana (an L3020) agus Bóthar na hUaimhe/an N3 a leathnú chun freastal ar na saoráidí feabhsaithe sin.

I ndiaidh na coda sin, tá sé beartaithe an lána bus a chur ar bhealach trí acomhal Bhóthar Snugborough. Tá an chumraíocht bheartaithe don acomhal sin ar aon dul leis na tograí d'Uasghrádú Acomhal Snugborough ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is é atá i gceist leis na hoibreacha beartaithe ná droichead Bhóthar Snugborough a leathnú agus lánaí tráchta breise a sholáthar ar an L3020.

I ndiaidh acomhal Bhóthar Snugborough, cuirfear an lána bus ar bhealach ar Bhóthar na hUaimhe/an N3. Ar an N3, tá sé beartaithe lána leanúnach bus a choinneáil ar an taobh clé den charrbhealach sa dá threo. Cuireadh leataobhanna tearmainn éigeandála ar áireamh.

Tá sé beartaithe stadanna bus breise a sholáthar chun freastal ar Bhóthar an Mhuilinn agus ar Phríomhshráid Bhaile Bhlainséir. Treorófar na lánaí bus ansin isteach ar an sliosbhóthar amach as Ospidéal Uí Chonghaile agus isteach ar Bhóthar na hUaimhe thar an M50, rud a fhágfaidh go mbeidh lána leanúnach bus ann

tríd an gcuid sin.

4.3 Acomhal an M50 go hAcomhal Bhóthar Ráth Tó – an R147 (Bóthar na hUaimhe)

Tá sé beartaithe lána leanúnach bus a sholáthar sa dá threo ar an timpeallán thar an M50. Tá sé beartaithe stadanna bus breise a sholáthar in Ascaill Achadh na Gréine. Baineadh an raon rothar feadh Bhóthar na hUaimhe in aice Mhainéir Chaisleán Cnucha agus ainmníodh Mainéar Chaisleán Cnucha mar Shráid Chiúin chun freastal ar rothaithe agus ar fheithiclí. Ceanglóidh an tsaoráid rothar sin le Gréasán Rothaíochta Beartaithe Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath atá beartaithe, rud a rachaidh feadh Mhainéar Chaisleán Cnucha.

Treorófar an lána bus suas na sliosbhóithre isteach agus amach chun rochtain a sholáthar ar na stadanna bus a fhreastalaíonn ar Stáisiún Bhealach Páirce Bhóthar na hUaimhe. Athrófar na lánaí tráchta amach óna dhá lána tráchta ghinearálta ina lána tráchta ghinearálta amháin agus ina lána bus amháin.

Tá sé beartaithe timpeallán Bhóthar na hUaimhe ag Bóthar Bhaile an Ásaigh a mhodhnú ina thimpeallán atá faoi rialú ag comharthaí – agus na crainn atá ann cheana á gcoinneáil ar an oileán lárnach. Ag an acomhal sin, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an rotharbhealach dhá threo (siar ón acomhal) agus aistriú chuig raon leithscartha rothar ar an dá thaobh den charrbhealach (soir ón acomhal).

Soláthrófar lána tráchta ghinearálta agus lána bus sa dá threo feadh Bhóthar na hUaimhe, áit a mbeidh raonta rothar aontreo ann ar an dá thaobh den bhóthar. Ar áireamh le leagan amach beartaithe an acomhail atá lána tiontaithe ar dheis ó Bhóthar na hUaimhe (siar) go hAscaill Chinn Mhara. Baineadh an lána tiontaithe ar dheis soir isteach ar Bhóthar Bhagóid a bhí beartaithe roimhe sin, cé go gceadaítear gluaiseacht tiontaithe ar dheis.

Chun na feabhsuithe ar an mbonneagar bus agus rothar a éascú, tá sé beartaithe tógáil talún theoranta a fháil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ó dheas ó acomhal Bhóthar Bhaile an Ásaigh;
- Tailte ó dheas ó acomhal Ascaill Kempton;
- Tailte maoine príobháideacha idir Ascaill Chinn Mhara/Bóthar Bhagóid agus Bóthar Néifinne; agus
- Tailte maoine príobháideacha idir Bóthar Néifinne agus Bóthar Ráth Tó.
- Tailte maoine príobháideacha idir Garrán Bhaile an Ásaigh agus Ascaill Chinn Mhara;

Cuirtear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

4.4 Acomhail Bhóthar Ráth Tó go hAcomhal Shráid Brunswick Thuaidh – Seanbhóthar na Cabraí/Sráid na Prúise/Sráid an Mhainéir

Ní cheadófar do thrácht dul ar Sheanbhóthar na Cabraí, cé is moite de bhusanna, de thacsaithe, den trácht áitiúil agus de rothaithe. Déanfar tréthrácht i dtreo na cathrach a threorú isteach ar Bhóthar na Cabraí, isteach i mBaile Phib agus ar aghaidh go lár na cathrach. Treorófar tréthrácht amach go Sráid an Teampaill, Cnoc an Bhunreachta agus Bóthar Bhaile Phib agus ar ais feadh Bhóthar na Cabraí.

Chun bealach malartach a sholáthar go Lár na Cathrach agus amach as (feadh Bhóthar na Cabraí, an Chuarbhóthair Thuaidh, Bhóthar

na hOtharlainne agus Bhóthar Conyngham), áirítear leis an dearadh athrú beartaithe ar an acomhal ag Teampall Pheadair. Modhnófar an t-acomhal sin chun tiontuithe ar dheis a cheadú ó Bhóthar na Cabraí go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh agus chun tiontuithe ar chlé a cheadú ón gCuarbhóthar Thuaidh isteach ar Bhóthar na Cabraí.

Is mar seo a leanas atá na tograí a bhfuil mar aidhm leo gan úsáid Sheanbhóthar na Cabraí a cheadú ach amháin don trácht rochtana áitiúla, do bhusanna, do thacsaithe agus do rothaithe:

- Ní cheadófar aon tréthrácht ó dheas ag an taobh thuaidh de Sheanbhóthar na Cabraí (ag a acomhal le Bóthar na hUaimhe), cé is moite de bhusanna, de thacsaithe agus de rothaithe. Mar thoradh air sin, cuirfear cosc ar an trácht ginearálta ó Bhóthar na hUaimhe taisteal feadh Sheanbhóthar na Cabraí go Bóthar na gCloch;
- Ní cheadófar aon tréthrácht ó thuaidh, cé is moite de bhusanna, de thacsaithe agus de rothaithe ar Sheanbhóthar na Cabraí idir Céide na Cabraí agus Bóthar Ghleann Beithe. Mar thoradh air sin, cuirfear cosc ar an trácht ginearálta ó Bhóthar na gCloch agus ón gCuarbhóthar Thuaidh taisteal feadh Sheanbhóthar na Cabraí go Bóthar na hUaimhe.

Ar Sheanbhóthar na Cabraí, déanfar méid an lána thiomnaithe bus ó thuaidh a shrianadh go cuid thart ar 50 m ar fad pas beag ó dheas ó acomhal Bhóthar na hUaimhe. Tá sé beartaithe dhá raon rothar aontreo a shuiteáil ar an dá thaobh feadh Sheanbhóthar na Cabraí. Laghdaíodh an tógáil talún atá riachtanach chun freastal ar na feabhsuithe sin. Mar sin féin, is féidir go mbeidh sé riachtanach tógáil talún theoranta a fháil idir Céide na Cabraí agus acomhal an Chuarbhóthair Thuaidh. Freastalófar ar an mbonneagar bus/rothar laistigh de leithead an droichid bhóthair atá ann cheana thar líne iarnróid Stáisiún Heuston/Stáisiún Uí Chonghaile.

Ar Shráid na Prúise idir an Cuarbhóthar Thuaidh agus an bealach isteach go hIonad Siopadóireachta na Páirce, tá ag leagan amach beartaithe an bhóthair lána tráchta ghinearálta ó dheas amháin, lána 'díreach ar aghaidh amháin' ó thuaidh do thrácht áitiúil, do rothaithe agus do bhusanna atá ag taisteal go Seanbhóthar na Cabraí, agus lána tiontaithe ar chlé amháin ó Shráid na Prúise go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh. Ní cheadófar ach do bhusanna, do thacsaithe, do rothaithe agus do thrácht rochtana áitiúla amháin dul díreach ar aghaidh ó Shráid na Prúise go Seanbhóthar na Cabraí, agus cuirfear cosc ar thiontuithe ar dheis ó Shráid na Prúise go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh.

Is é an toradh atá ar an dearadh ná nach gá tógáil talún a fháil ar an mbealach isteach i dtreo an Chuarbhóthair Thuaidh ar Shráid na Prúise ag Bóthar Dhroim an Lao. Is ag teacht leis an máistirphlean is déanaí ó Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin atá an láthair rochtana sa todhchaí ar Champas Ghráinseach Ghormáin de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Ar Shráid na Prúise, soláthraítear lána tráchta sa dá threo, rud lena gcuirfear ar chumas an tráchta áitiúil Sráid na Prúise Theas a rochtain. Ar áireamh leis an togra leasaithe atá Geata Bus ag an taobh theas de Shráid na Prúise, rud lena gcuirfear cosc ar an tréthrácht ginearálta taisteal ó Shráid na Prúise go Sráid an Mhainéir. Tá sé beartaithe Bóthar Iósaif a mhodhnú chun cuid aontreo (soir) ag an taobh thoir a chur ar áireamh chun nach n-úsáidfidh an trácht an tsráid sin chun an geata bus a sheachaint.

Ag acomhal Shráid an Mhainéir/Shráid na Prúise le Sráid Eachroma, áirítear leis an dearadh nua Geata Bus sa dá threo, rud a fhágfaidh go

bunúsach nach mbeidh ach an trácht rochtana áitiúla, busanna, tacsaithe agus rothaithe in ann Sráid na Prúise a úsáid. Toradh eile a bheidh air is ea go mbainfear an trácht ginearálta ó dheas ar Shráid an Mhainéir. Rinneadh na Geataí Bus ar Shráid na Prúise/Shráid an Mhainéir i mBóthar na gCloch a athrú sa dearadh leasaithe mar seo a leanas:

- Ar an mbealach ó thuaidh, beidh Geata Bus lonnaithe ar Shráid na Prúise pas beag ó thuaidh ó acomhal Shráid Eachroma, rud a fhágfaidh go mbeidh ar an trácht ginearálta ó thuaidh ar fad tiontú ar chlé isteach ar Shráid Eachroma;
- Ar an mbealach ó dheas, beidh Geata Bus lonnaithe ar Shráid na Prúise/Shráid an Mhainéir pas beag ó dheas ó acomhal Shráid Eachroma – agus beidh ar aon trácht ginearálta atá ag taisteal ó dheas ar Shráid na Prúise ag an láthair sin tiontú ar dheis isteach ar Shráid Eachroma.

Modhnaíodh an t-acomhal atá beartaithe chun feabhas a chur ar shaoráidí rothar, rud lena n-éascófar feabhsuithe ar an ríocht uirbeach freisin. Áirítear leis an leagan amach anois acomhal ardaithe chun cabhrú le coisithe trasnú, mar aon leis an stad bus ó thuaidh a aistriú níos faide ó dheas ar Shráid an Mhainéir. Áirítear leis an dearadh lána aontreo ó thuaidh don trácht ginearálta faoin dearadh reatha, áit a mbeidh comharthaí do bhusanna amháin ann do bhusanna ó dheas ar Shráid Eachroma.

Ó dheas ó acomhal Shráid Eachroma le Sráid an Mhainéir agus le Sráid na Prúise, is ar áireamh leis an dearadh atá rialuithe soilse tráchta ag an acomhal idir Sráid an Mhainéir, Sráid Uí Chiarabháin agus Plás an Mhainéir, rud lena dteorannófar an trácht ar na taobh-bhóithre sin agus, dá bhrí sin, lena gcuirfear drogall ar an tréthrácht iad a úsáid. Tá trasrian coisithe ar Shráid an Mhainéir laistigh den acomhal ar áireamh freisin leis an acomhal atá faoi rialú ag comharthaí. Tá sé beartaithe gan ach tiontuithe ar dheis a cheadú amach as Sráid Uí Chiarabháin.

Ar Shráid an Mhainéir, tá an dearadh leasaithe comhdhéanta de dhá lána chomhroinnte bus agus tráchta ghinearálta agus de raon rothar sa dá threo go hacomhal Shráid Brunswick. Méadaíodh leithid na gcosán tríd an lána bus ó thuaidh ar Shráid an Mhainéir a bhí beartaithe roimhe seo a bhaint. Cuireadh socrú comharthaí tosaíochta do bhusanna isteach ina ionad ag acomhal Shráid Brunswick.

Tá athruithe ar Shráid na Prúise/Shráid an Mhainéir mar seo a leanas i gceist leis an dearadh leasaithe freisin:

- Cuirfear cuasa páirceála ar áireamh feadh Shráid an Mhainéir. Ar an taobh thuaidh de Shráid an Mhainéir, athlonnaíodh na cuasa páirceála chuig an taobh thiar de Shráid an Mhainéir chun tuilleadh inrochtaineachta a éascú;
- Baineadh roinnt cuas páirceála ar an taobh thiar de Shráid an Mhainéir chun spás a chruthú do raonta rothar ar an dá thaobh den bhóthar;
- Is é an toradh a bheidh ar an dearadh leasaithe ná go gcoinneofar na bánna lódála ar an taobh thoir de Shráid an Mhainéir, cé go mbainfear bá lódála amháin ar an taobh thiar chun spás a chruthú le haghaidh bonneagar raon rothar a sholáthar; agus
- Soláthrófar raonta rothar ar an dá thaobh den bhóthar ar Shráid an Mhainéir, agus iad ag leanúint bealach ginearálta laistiar de chuasa páirceála.

4.5 Plás Blackhall go Cé Árann

Baineadh dúnadh an taoibh thiar de Shráid Brunswick, rud a bhí beartaithe roimhe seo, agus tá an raon rothar dhá threo á choinneáil feadh Shráid Brunswick. Leis an athrú sin, freastalaítear ar láthair leasaithe an chomhartha tosaíochta do bhusanna, ar dá bharr a éascaítear tosaíocht do bhusanna agus iontaofacht agaí turais feadh Shráid an Mhainéir, agus ríocht uirbeach níos fearr á soláthar ag an am céanna trí na cosáin níos leithne.

Leasaíodh an raon rothar dhá threo ó Shráid Brunswick go Cé Árann chun nascacht níos fearr chuig Gráinseach Ghormáin Íochtarach a sholáthar.

Ar Shráid Blackhall, leasaíodh leagan amach beartaithe an bhóthair chun lána amháin le haghaidh trácht ginearálta, raon rothar dhá threo agus páirceáil éisliúin do chónaitheoirí áitiúla a chur ar áireamh.

Beidh an trácht ó dheas ag taisteal ar Shráid an Mhainéir/Phlás Blackhall i lána aonair, agus beidh ar an trácht ginearálta tiontú ar chlé isteach ar Shráid an Rí Thuaidh, rud a choinneofar mar bhealach aontreo soir. Ceadófar do bhusanna leanúint ar aghaidh ag taisteal díreach ar aghaidh go lána bus ó dheas ar Phlás Blackhall.

Ar an mbealach ó thuaidh, tá Plás Blackhall comhdhéanta de lána bus agus de lána tráchta amháin. Fágann an dearadh leasaithe go mbeidh ar an trácht ginearálta ó thuaidh atá ag iarraidh dul isteach ar Shráid an Mhainéir tiontú ar dheis isteach ar Shráid an Rí Thuaidh agus ansin tiontú ar chlé isteach ar Lána Sheoirse chun taisteal siar feadh Shráid Brunswick Thuaidh. Is é an toradh a bheidh ar an leagan amach sin ná go rialálfar sruth an tráchta ó thuaidh agus go gcuirfear as do thréthrácht.

Ar Phlás Blackhall idir Sráid Blackhall agus Cé Árann, is ionann leagan amach beartaithe an charrbhealaigh agus é sin sa chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar, áit arb ann do lána bus agus lána tráchta sa dá threo agus do raon rothar dhá threo ar Shráid na Banríona.

Fanfaidh Lána Sheoirse ina shráid aontreo (ó thuaidh) – ach tá sé beartaithe soilse tráchta a shuiteáil i nGráinseach Ghormáin Íochtarach/ Sráid Brunswick. Ní cheadófar don trácht ar Shráid an Rí Thuaidh (soir ó Lána Sheoirse) ach tiontú ar chlé amháin isteach ar Shráid na Banríona.

4.6 Bainistíocht Tráchta Áitiúil

Áirítear leis na tograí ó Bhóthar na hUaimhe go Plás Blackhall roinnt beart bainistíochta tráchta a bhfuil mar aidhm leo:

- Soláthairtí do choisithe agus do rothaithe a mhéadú;
- Sruth an tréthráchta ghinearálta a laghdú ar Ascaill an Chiardhuibh, ar Sheanbhóthar na Cabraí, ar Shráid na Prúise agus ar Shráid an Mhainéir; agus
- Maolú a dhéanamh ar an tionchar féideartha atá ag aicearraí a bheith á dtógáil ag an trácht trí shráideanna áitiúla.

Cuirtear ar áireamh san Aguisín ag deireadh an bhróisiúir seo na pleananna ina dtaispeántar ródú malartach an tráchta i gceantar Bhóthar na hUaimhe/Bhóthar na gCloch. Achoimrítear mar seo a leanas an cur chuige i leith bainistíocht tráchta agus srianta beartaithe ar ghluaiseachtaí tráchta ar leith:

Tréthrácht Fadraoin: Treorófar don trácht atá ag taisteal ó na Céanna i lár Bhaile Átha Cliath i dtreo Bhaile Bhlainséir agus Chaisleán Cnucha

úsáid a bhaint as Sráid an Teampaill, Cnoc an Bhunreachta agus Bóthar Bhaile Phib i dtreo an tuaiscirt. De rogha air sin, beidh an trácht sin in ann taisteal siar ar Sheachbhóthar Shéipéal Iosóid isteach ar an M50 ó thuaidh. Tá athrú beartaithe ann ar an acomhal idir an Cuarbhóthar Thuaidh agus Bóthar na Cabraí ag Teampall Pheadair, rud a mhodhnófaí chun tiontuithe ar dheis a cheadú. Is é an toradh a bheadh air sin ná go soláthrófaí bealach inmharthana idir Bóthar na hUaimhe agus an Cuarbhóthar Thuaidh lena seachnófaí bealach Sheanbhóthar na Cabraí.

Ascaill an Chiardhuibh: D'fhéadfadh an trácht áitiúil idir Bóthar na gCloch agus Baile an Ásaigh taisteal trí Bhóthar Conyngham, an Cuarbhóthar Thuaidh agus Ascaill an Chiardhuibh, nó trí Shráid an Mhainéir, Sráid Eachroma agus Ascaill an Chiardhuibh ina dhiaidh sin. Faoi mar atá amhlaidh anois, beidh claonadh ag an trácht áitiúil úsáid a bhaint as bóithre ó thuaidh agus ó dheas amach as Bóthar na hUaimhe (Bóthar Gheata Bhaile an Ásaigh, Ascaill Chinn Mhara, Bóthar Bhagóid, Sráid Néifinne agus Bóthar na Scríne) chun taisteal go cinn scríbe ina gcomharsanacht áitiúil agus amach astu. Tá sé beartaithe oibreacha feabhsúcháin acomhail a dhéanamh ar an acomhal idir Ascaill an Chiardhuibh, Bóthar Gheata Bhaile an Ásaigh agus Bóthar Chaisleán Cnucha chun sruth an tráchta feadh Ascaill an Chiardhuibh a rialáil.

